An té a bhíonn thuas oltar deoch air

An lá faoi dheire bhí Belvedere ag imirt cluiche tabhactach i gcomórtas rugbaí – An Corn Laighean. Bhí Belvedere ag imirt in aghaidh na Carraige Duibhe sa chluiche ceannais! Bhí sceitimíní áthais ar na dáltaí go léir.

Chríochnaigh na ranganna ar a dó a chlog. Chuamar ar an mbus go Domhnach Broc . Bhí an cluiche ar siúl san RDS. Rith na foirní amach ar pháirc an imeartha. D'éirigh liú ón lucht féachana. Bhí daltaí scoile, iar-dhaltaí scoile, tuismitheoirí, deartháireacha, deirfiúracha, sean-aithreacha agus sean-mhátháireacha i láthair. Bhí cailíní Loreto ag faire ar na h-imritheoirí agus bhí na buachaillí ag faire ar chailíní Loreto!!!

Ar bhuille a trí a chlog thosaigh an cluiche. Bhí leoithne beag gaoithe ag séideadh. Thit crann an áidh ar Bhelvo agus tharraing ciceálaí Bhelvedere, Ian Keatley, cic mhillteanach ar an liathróid. Rug lán-chúlaí na Carraige Duibhe ar an liathróid agus thosaigh sé ar an ionsaí.

Rith sé ar dheis agus ar chlé agus imritheoirí Bhelvo ag iarraidh é a ghreamú. Rith sé trasna líne an fhiche dó. Tar éis cúpla soicind, ghreamaigh Pól Cummins lán-chúlaí na Carraige Duibhe agus thit an lán-chúlaí ar shlat a dhroma. Thug sé an liathróid don leathchúlaí clibirthe agus bhuail sé an liathróid thar an trasnán agus scórail sé drop-chúl! Thosaigh lucht leanúna na Carraige Duibhe ag béiceadh agus líon an t-aer le scread millteanach.

Tar éis tríocha a cúig nóiméad chríochnaigh an chéad leath. An *Charraig Dhubh* **3 – 0** *Coláiste Bhelvedere,* an scór a bhí ar an mbord. Bhí an-bhród ar dhaltaí na Carraige Duibhe agus bhí imní an domhain ar oiliúnóirí agus ar dhaltaí Bhelvo, mar go raibh an fhreasúra chun tosaí.

Ag tús an dara leath, chuir an tosaí cliathánach an liathróid as an imirt agus thug an maor taobhlíne síneadh amach do Bhelvo. Chaith húcáláí Bhelvo an liathróid agus ghoid uimhir 8 na Carraige Duibhe é. Rug an ciceálaí ar an liathróid agus rinne sé iarracht drop-chúl eile a fháil! Bhí mo chroí i mo bhéal nuair a chicéail sé an liathróid, ach rinne dara rang Bhelvo, Cathal Pendred, an chic a phlúcadh go draíochtúil. Bhí an t-ádh linn!

Tar éis cúpla nóiméad bhí liathróid ag éalú amach as an gclibirt. Rug leathchúlaí clibirthe Bhelvo, Liam Power, air agus chaith sé an liathróid don tosaí cliathánach, Peadar O'Hara, ... ach faraor sciorr an liathróid as a lámh agus thit sé go trom ar an talamh! Thosaigh imritheoirí na Carraige Duibhe ag gáire.

"A phleidhce!" a dúirt Liam Power.

Bhí náire an domhain ar Pheadar agus las a aghaidh le teann náire.

"Is imreoir *uafásach* tú" a dúirt imreoir ón gCarraig Dhubh. Ansin, bhí fearg an domhain ar Pheadar. Go tobann léim sé ar an imreoir agus bhuail sé sonc millteanach air sa cheann. Thug an réiteoir cárta dearg dó agus d'fhág Peadar an pháirc. Tugadh cic pionóis don gCarraig Dhubh. Ní raibh aon fhuaim sa pháirc agus scórail cicealaí na Carraige Duibhe an chic phionóis.

Ní raibh ach cúig nóiméad fágtha sa chluiche agus bhí an fhreasúra chun tosaí, **6 – 0**. Ghríosaigh Tom Deane an lucht leanúna chun tacaíocht a thabhairt don bhfoireann. D'éirigh an slua, agus thosaigh siad ag liúraigh d'aon guth.

Ansin, bhuaigh Belvo clibirt agus chuir Liam Power an liathróid isteach sa chlibirt. Sciob Liam é ó chúl na clibirte agus, i gcasadh boise, léim sé thar an gclibirt agus rith sé tríd an líne-tosaí. Rith sé ar nós na gaoithe agus chuaigh sé trasna líne na h-úide agus leag sé an liathróid idir na cuaillí.

Thosaigh daltaí Bhelvo ag béiceadh arís agus tar éis cúpla soicind stop siad. Bhí An Charraig Dhubh fós chun tosaí - **6-5**.

Leag Seán Ó Briain an liathróid ar an dtalamh. Arís, ní raibh aon fhuaim le cloisteáil sa pháirc. Bhí mo chroí ag bualadh i mo chliabh agus bhí mé ag cur allais go fial. Sheas an ghruaig ar chúl mo mhuinéil! Is ar éigean go raibh mé ábalta analú. Thóg Ó Briain céim mhall siar ón liathróid, a chuid súile dírithe ar an liathróid agus ar an trasnán. Ansin go mall solúnta tharraing sé cic mhillteanach mhór ar an liathróid. Sheol an liathróid tríd an aer, gach aghaidh dírithe air agus chuaigh caol díreach idir na cuaillí ... bhí an t-úd ba thabhachtaí dá shaol slánaithe aige! Shéid an réiteoir a fheadóg arís agus bhí an cluiche thart.

Sheas an scór ag *Carraig Dhubh* **6 – 7** *Coláiste Bhelvedere.* Bhuaigh Bhelvo an cluiche agus Corn Laighean! Thosaigh gach duine ag béiceadh in ard a gcinn is a ngutha. Bhí áthas an domhain ar an lucht féachana agus bhí bród an domhain ar na h-imritheoirí agus ar na h-oiliúineoirí.

Chuamar ar fad ar ais ar scoil don gceiliúradh. Arnó, bhíomar

ar fad ag súil le lá saor ó ranganna an lá dar gcionn. Sheasamar go léir

sa halla gleacaíochta ag éisteacht leis an Ardmháistir. Go tobann

d'airigh mé duine éigin á'm chroith. "A Liam, a Liam, éirigh in ainm

Dé. Tá Seán anseo cheana féin. Beidh sibh déanach don gcluiche mór

san RDS"

Agus muid ar an mbealach ar an mbus chun an chluiche bhí mé ag guí go mbeadh toradh na brionglóide fíor!

Liam de Brun